2019. M81AT

2019L562AAIL

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2019***

# *Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide*

## *Ardleibhéal*

## *Roinn A (60 marc)*

**Déardaoin, 20 Meitheamh**
**Maidin, 9:30 - 12:30**

| Uimhir an Ionaid. |
|---|
| |

**Tá an scrúdú seo roinnte ina thrí roinn:**

| | |
|---|---|
| ROINN A | (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Gearra) |
| ROINN B | (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Fada) |
| ROINN C | (Grafaic Fheidhmeach - Ceisteanna Fada) |

**ROINN A**
- Cuirtear ceithre cheist i láthair.
- Freagair **trí cheist ar bith** ar an mbileog A3 lastall.
- Tá **20 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn A.

**ROINN B**
- Cuirtear trí cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn B.

**ROINN C**
- Cuirtear cúig cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** (i.e. na roghanna a bhfuil staidéar déanta agat orthu) ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn C.

**Treoracha Ginearálta:**
- *Ní mór na línte tógála a thaispeáint ar gach réiteach.*
- *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir ar pháipéar na bhfreagraí i Roinn B agus i Roinn C.*
- *Ná bain úsáid ach as taobh amháin den pháipéar líníochta.*
- *Tugtar na toisí go léir ina méadair nó ina milliméadair.*
- *Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca thíos agus ar na bileoga eile go léir a úsáidtear.*


## ROINN A – Croíréimsí Staidéir – Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna ar an mbileog A3 seo.

**A-1.** Taispeánann an íomhá foirgneamh ilstórach atá suite in Chicago. Tá sraith de phainéil ghloine i dtosach an struchtúir. Taispeánann an líníocht na teilgin de thrí dhromchla gloine **abc**, **bcd** agus **cdp** atá cosúil leo.

**(a)** Aimsigh an uillinn dhéhéidreach idir na dromchlaí **abc** agus **bcd**.

**(b)** Tarraing an t-ingearchló agus an bonnchló de líne chothrománach ar dhromchla **cdp** a théann tríd an bpointe **P.**
Aimsigh, agus scríobh síos i gcéimeanna, claonadh na líne seo leis an bplána ceartingearach.







**A-3.** Taispeánann an íomhá thíos foirgneamh atá bunaithe ar shraith de phriosmaí trasnacha.
Taispeánann an líníocht ingearchló agus bonnchló neamhchríochnaithe de struchtúr cosúil leis ina bhfuil dhá phriosma atá ag treá a chéile. Ar an líníocht treánn priosma triantánach priosma peinteagánach neamhrialta a gearradh mar a thaispeántar.

**(a)** Críochnaigh an t-ingearchló agus an bonnchló agus taispeáin na línte idirthreáite go léir.

**(b)** Aimsigh fíorchruth an triantáin **abc**.







**A-2.** Taispeánann an íomhá thíos foirgneamh ***'AOL'*** atá suite i mBaile Átha Cliath. Is hipearbóil é an cuar. Taispeánann an líníocht ar dheis an ais **AA₁**, an treoirlíne **DD₁**, an fócas **F** agus an líne éalárnach **E** do hipearbóil dá leithéid. Taispeántar roinnt pointí ar an gcuar freisin.

**(a)** Aimsigh suíomh na rinne, cúig phointe eile ar an gcuar agus tarraing an chuid uachtarach den hipearbóil.

**(b)** Tarraing ciorcal a bheidh tadhlaíoch leis an treoirlíne agus a bheidh tadhlaíoch chomh maith leis an hipearbóil ag pointe **P**.







**A-4.** Taispeánann an líníocht ar dheis an bonnchló agus an líníocht pheirspictíochta pháirt-chríochnaithe den achar deiridh de pháirc imeartha CLG. Taispeántar na cuaillí freisin. Taispeántar suíomh dhá phointe téaltaithe sa líníocht pheirspictíochta.


**(a)** Críochnaigh an líníocht pheirspictíochta den achar deiridh den pháirc imeartha a thugtar.

**(b)** Aimsigh agus taispeáin fíor-airde iomlán an chuaille ingearaigh.






**Ní mór an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe – Ní mór do Scrúduimhir a chur ar an gclúdach tosaigh.**




**Is cuid de Roinn C an léarscáil chomhairde seo agus ba chóir í a úsáid don fhreagra ar rogha na Céimseatan Geolaíche (Ceist C-1) amháin.**

*(Scála 1:1000)*

2019. M81BCT

2019L562ABIL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*State Examinations Commission*

# *Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2019*

# *Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide*

## *Ardleibhéal*

## *Roinn B agus C (180 marc)*

**Déardaoin, 20 Meitheamh**

**Maidin, 9:30 - 12:30**

**Tá an scrúdú seo roinnte ina thrí roinn:**

| | |
|---|---|
| ROINN A | (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Gearra) |
| ROINN B | (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Fada) |
| ROINN C | (Grafaic Fheidhmeach - Ceisteanna Fada) |

**ROINN A**

- Cuirtear ceithre cheist i láthair.
- Freagair **trí cheist ar bith** ar an scrúdpháipéar A3 a ghabhann leis seo.
- Tá **20 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn A.

**ROINN B**

- Cuirtear trí cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn B.

**ROINN C**

- Cuirtear cúig cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** (i.e. na roghanna a bhfuil staidéar déanta agat orthu) ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn C.

**Treoracha Ginearálta:**

- *Ní mór na línte tógála a thaispeáint ar gach réiteach.*
- *Ní de réir scála i gcónaí atá grafaicí an scrúdpháipéir tarraingthe agus ní cóir úsáid a bhaint astu chun scála a shocrú.*
- *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir ar pháipéar na bhfreagraí i Roinn B agus Roinn C.*
- *Ná bain úsáid ach as taobh amháin den pháipéar líníochta.*
- *Tugtar na toisí go léir ina méadair nó ina milliméadair.*
- *Scríobh do scrúduimhir sa bhosca atá tugtha ar Roinn A agus ar na bileoga eile go léir a úsáidtear.*

# ROINN B - Croíréimsí Staidéir

Freagair **dhá cheist ar bith** as an roinn seo ar pháipéar líníochta.

**B-1.** Taispeánann an íomhá ar dheis pacáiste de sceallóga tortilla *Doritos*. Tá sé bunaithe ar phriosma rialta heicseagánach a mhúnlaítear mar a thaispeántar.




Taispeánann Fíor B-1 teilgean démhéadrach neamhchríochnaithe (agus úsáid á baint as modh na n-aiseanna aismhéadracha) den phacáiste. Taispeántar an t-ingearchló agus an bonnchló ina suíomhanna cuí.


**(a)** Tarraing na haiseanna aismhéadracha **X**, **Y** agus **Z** agus an triantán comhchosach **abc**.

**(b)** Tarraing an bonnchló agus an t-ingearchló sa treoshuíomh a thaispeántar.

**(c)** Tarraing teilgean aismhéadrach na coda den phacáiste mar a thugtar é.

**(d)** Críochnaigh an teilgean aismhéadrach den chuid atá fágtha den phacáiste.

**Scála 1:1**




**Fíor B-1**

**B-2.** Taispeánann an íomhá ar dheis ***Droichead de Lacy*** atá suite i nDroichead Átha, Contae Lú.

Tugtar teilgin an droichid i bhFíor B-2 thíos.




**(a)** Is parabóil é cuar **ABC** san ingearchló agus an rinn ag **B**. Tarraing an t-ingearchló a thugtar.

**(b)** Is géaga de hipearbóil dhúbailte iad na cuair **DEF** agus **PQS** sa bhonnchló. Tá na reanna ag **E** agus **Q**. Taispeántar an tógáil do chuid **DE** de ghéag amháin.
Is líne dhíreach í an líne **HLG**.
Tarraing an bonnchló a thugtar.

**(c)** San ingearchló, tá fócas na parabóile **ABC** suite 4.9m ón rinn **B**.
Aimsigh an fócas agus tarraing líne atá tadhlaíoch leis an bparabóil ag pointe **C**.

**Scála 1:100**




**Fíor B-2**

**B-3.** Taispeánann an íomhá ar dheis struchtúr an dorais tosaigh in ***Óstán Pilo*** i gCo na Mí.
Is é atá ann ná sraith de dhromchlaí plánacha gloine.



Taispeánann Fíor B-3 an bonnchló agus an t-ingearchló do dhá cheann de na dromchlaí **A** agus **B**. Is comhionann iad na dromchlaí agus tógtar an bonnchló ar ghreille chearnógach, mar a thaispeántar.

**(a)** Tarraing bonnchló agus ingearchló na bplánaí trasnacha **A** agus **B**.


**(b)** Aimsigh an uillinn dhéhéidreach idir plána **A** agus plána **B**.

**(c)** Teilg ingearchló cúnta de phlána **A** ar an líne $\mathbf{X_1Y_1}$.

Uaidh sin, aimsigh agus cuir in iúl ina céimeanna, claonadh phlána **A** leis an bplána cothrománach.

**(d)** Úsáidtear soilsiú léasair chun an bealach isteach don óstán a fheabhsú san oíche.
Seasann an líne dhíreach chlaonta **PQ** do chonair léasair.
Aimsigh pointí trasnaithe na líne **PQ** le plána **A** agus le plána **B**.

**Scála 1:1**




**Fíor B-3**

# ROINN C - Grafaic Fheidhmeach

Freagair **dhá cheist ar bith** (i.e. na roghanna a bhfuil staidéar déanta agat orthu) as an roinn seo ar pháipéar líníochta.

## Céimseata Gheolaíoch

**C-1.** **(a)** Taispeánann an léarscáil atá leis seo, agus atá ar fáil ar leathanach cúil Roinn A, comhrianta talún atá cúig mhéadar óna chéile go ceartingearach.



Is í **ABC** lárlíne an raoin a bheartaítear a thógáil le haghaidh gluaisrothair thrastíre. Is ag **DEFG** a bheartaítear an stopadh sloic a chur. Is é **O** lár an chuair chiorclaigh.

Baineann na sonraíochtaí seo a leanas leis an raon:

- Tá an chuid ó **A** go **B** comhréidh ag airde 55m
- Tá an chuid ó **B** go **C** ag éirí go haonfhoirmeach go dtí leibhéal 60m ag an gcríochlíne **C**.
- Is ag 55m atá an leibhéal foirmíochta ag **F,** áit a bhfuil an stopadh sloic, agus is ionann an grádán ó **F** go **E** agus grádán an raoin ó **B** go **C**.

Agus úsáid á baint agat as taobhfhánaí de 1 le 1 do na gearrthacha, agus de 1 le 2 do na claífoirt, críochnaigh na hoibreacha talún atá riachtanach don raon agus don stopadh sloic idir **A** agus **C** ar gach taobh.

**(b)** Ar an léarscáil, is trí phointe ar bharrdhromchla strataim méine iad **P**, **Q** agus **R**. Tá na pointí **Q** agus **R** ag airde 40m agus 25m faoi seach. Is é treoíocht an strataim méine ná ó thuaidh 54° siar, mar a thaispeántar leis an líne treoíochta **S** a thugtar.

(i) Bain úsáid as an líne $X_1Y_1$, atá tarraingthe cheana féin ar an léarscáil, agus aimsigh claonas an strataim.

(ii) Aimsigh airde phointe **P**. Sa spás atá ar fáil ag barr na léarscáile, tarraing ingearchló den chuid triantánach de bharrdhromchla an strataim.
*(Tá pointe **R** aimsithe cheana féin duit san ingearchló).*

(iii) Aimsigh an fhíor-uillinn idir líne **PR** agus líne treoíochta **S**.

**Scála 1:1000**

# Foirmeacha Struchtúracha

**C-2.** Taispeánann an íomhá ar dheis struchtúr atá deartha chun scáth a chaitheamh ar láthair shuí sa ghairdín.
Taispeántar i bhFíor C-2 thíos na teilgin de chuid struchtúir atá cosúil leis.



Déantar an dromchla cuartha nuair a bhogtar parabóil ghiniúna **ABC,** i suíomh ceartingearach, ar feadh cuar parabóileach **DEF**, mar a thaispeántar san ingearchló.

San taobhchló imlíneach, taispeánann an líne poncanna an pharabóil ghiniúna **ABC**.

Is é **B** rinn pharabóil **ABC**. Agus is é **E** rinn chuar parabóileach **DEF**.


**(a)** Tarraing ingearchló an struchtúir a thugtar.

**(b)** Tarraing taobhchló pharabóil ghiniúna **ABC**.

**(c)** Teilg bonnchló an struchtúir.

**(d)** Taispeántar chomh maith na teilgin de shreang theileafóin lasnairde **PQ**.
Tarraing an t-ingearchló agus an bonnchló de líne **PQ** agus aimsigh an fad ceartingearach ó phointe **R** ar dhromchla an struchtúir go dtí líne **PQ**.

**Scála 1:100**




**Fíor C-2**

# Céimseata Dhromchla

**C-3.** Taispeánann an íomhá ar dheis siopa miondíola ***Louis Vuitton*** i Singeapór. Sa dearadh tá foirgneamh cruach-fhrámaithe ina bhfuil aghaidheanna gloine de chruthanna neamhrialta.




Taispeánann Fíor C-3 an t-ingearchló, an bonnchló agus an taobhchló de mhionsamhail de chuid den fhoirgnimh.


**(a)** Tarraing an t-ingearchló, an bonnchló agus an taobhchló a thugtar.

**(b)** Aimsigh an uillinn dhéhéidreach idir dromchla **A** agus dromchla **B**.

**(c)** Aimsigh fíorchruth dhromchla ceartingearach **C** agus fíorchruth dhromchla claonta **B**.

**(d)** Aimsigh rianta cothrománacha agus ceartingearacha dhromchla **B**.

**Scála 1:100**




**Fíor C-3**

**C-4. (a)** Taispeánann an íomhá ar dheis bréagán ina mbaintear úsáid as sraith ceamanna agus as sraith leantóirí in-líneacha ar a bhfuil dromchlaí plánacha (*flat followers*), chun gluaiseacht líneach cheartingearach a ghiniúint.



Tarraing an léaráid díláithriúcháin de mheicníocht cheama atá cosúil leis a chuirfidh leantóir in-líneach ag gluaiseacht de réir na sonraí seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| 0° | go 60° | Ardú 90mm ar threoluas aonfhoirmeach; |
| 60° | go 90° | Fosadh; |
| 90° | go 270° | Titim 60mm ar luasghéarú agus moilliú aonfhoirmeach; |
| 270° | go 360° | Filleadh ar ais go dtí an suíomh tosaigh ar threoluas aonfhoirmeach. |

***Nóta:*** Ní gá próifíl an cheama a tharraingt.

*(Sa léaráid díláithriúcháin, bain úsáid as fad 15mm chun seasamh do gach eatramh 30°.)*

**(b)** Taispeánann an íomhá ar dheis rothar Pingine agus Feoirlinge nua-aimseartha.


Tá 350mm i nga an rotha tosaigh.
I bhFíor C-4(b) thíos, taispeántar an roth i bhformáid léaráid líneach.
Tá eatraimh 30° idir na spócaí.
Tá frithchaiteoir suite, mar a thaispeántar, ar cheann de na spócaí ag airde 220mm os cionn na talún.

Rollann an roth ar an líne chothrománach **AB**.

Breac lócas an frithchaiteora le linn rothlú amháin deisil den roth.




**Scála 1:10**




**Fíor C-4(b)**

# Cóimeálacha


**C-5.** Taispeánann an ghrafaic 3D ar dheis Meilteoir Caife a úsáidtear chun pónairí caife a mheilt de lámh. I bhFíor C-5 thíos tugtar sonraí an mheilteora. Tugtar an liosta páirteanna in dhá thábla freisin.




Déantar an chumhacht a sheoladh ón bhfearsaid uachtair chothrománach chuig an bhfearsaid cheartingearach trí dhá chóin chuimilte atá i dteagmháil lena chéile. Tá spás 2mm idir an chrannóg agus an diosca meilte.

Tarraing ingearchló gearrtha ar **A-A**, agus taispeáin na páirteanna cóimeáilte go hiomlán.

*(Mura ndeirtear a mhalairt, tá fad 6mm i ngach filléad agus achar 1×1mm atá i ngach seaimféar. Ta roinnt toisí agus roinnt páirteanna inmheánacha bainte as ar mhaithe le soiléire. Is féidir meastachán a dhéanamh ar na toisí go léir atá fágtha ar lár.)*



| Páirt | Ainm | Líon. |
|---|---|---|
| 1 | Bonn | 1 |
| 2 | Crannóg Chaife | 1 |
| 3 | Feireadh an Tiomántóra Uachtair | 1 |
| 4 | Colún Ceartingearach Ø16 | 2 |
| 5 | Bosc na Fearsaide Uachtairí | 2 |
| 6 | Bosc na Fearsaide Ceartingirí | 1 |
| 7 | Tiomántóir Chóin Chuimilte | 2 |
| 8 | Cóimeáil Hanla | 1 |
| 9 | Diosca Meilte Íochtair | 1 |

**Fíor C-5**

**Scála 1:1**

| Páirt | Ainm | Líon. |
|---|---|---|
| 10 | Fearsaid Cheartingearach Ø8 | 1 |
| 11 | Crannóg Ancairphionna Ø6 | 2 |
| 12 | Fearsaid Uachtair Ø8 | 1 |
| 13 | Clúdach Uachtar Trédhearcach | 1 |

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo